
# Breithlá




Beidh mo bhreithlá agam amárach. Beidh mé naoi mbliana d'aois. **Gheobhaidh mé** cártaí breithe. Beidh **féasta** agam um thráthnóna. **Tiocfaidh** mo chairde go léir. **Tabharfaidh siad** bronntanais dom. Beidh **cáca breithe** agam. Beidh naoi gcoinneal ar an gcáca. **Íosfaidh** mo chairde an cáca. **Ólfaidh** siad oráiste agus líomanáid. Beidh hataí páipéir orthu. Beidh an-spórt againn ag an bhféasta.

**Foclóir:**
**breithlá,** birthday
**féasta,** party
**coinneal,** candle

**A. Líon isteach na bearnaí:**
b—eith—á, ghe—bha—dh mé, cá—taí br—ithe, tio—faidh, lío—an—id, bro—nt—nais.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Beidh mé — mbliana d'aois amárach.
2. Beidh féasta agam — —.
3. Tiocfaidh — — go léir.
4. — siad bronntanais dom.
5. Beidh naoi — ar an gcáca.

**C. Déan abairtí díobh seo:**
1. gheobhaidh, cártaí breithe, mé.
2. agam, cáca breithe, beidh.
3. go léir, mo chairde, tiocfaidh.
4. orthu, hataí páipéir, beidh.

**D. Freagair na ceisteanna:**
1. Cathain a bheidh mo bhreithlá?
2. Cén aois a bheidh mé?
3. Cad a bheidh agam um thráthnóna?
4. Cé a thiocfaidh go dtí an féasta?
5. Céard a thabharfaidh siad dom?
6. Cad a ólfaidh mo chairde?
7. Cad a dhéanfaidh mo chairde leis an gcáca?

**Gramadach 29**

(i) **Foghlaim:**

| | |
|---|---|
| Beidh mé | Ní bheidh mé |
| Beidh tú | Ní bheidh tú |
| Beidh sé | Ní bheidh sé |
| Beidh sí | Ní bheidh sí |
| Beimid | Ní bheimid |
| Beidh sibh | Ní bheidh sibh |
| Beidh siad | Ní bheidh siad |

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Rachaidh mé go Corcaigh amárach agus **ní bheidh mé** ar scoil.
1. Rachaimid go Port Láirge amárach agus — — ar scoil.
2. Rachaidh sibh go Baile Átha Cliath amárach agus — — — ar scoil.
3. Rachaidh Íde go Béal Feirste amárach agus — — — ar scoil.

(ii) **Foghlaim:**

| | |
|---|---|
| Gheobhaidh mé | Gheobhaimid |
| Gheobhaidh tú | Gheobhaidh sibh |
| Gheobhaidh sé | Gheobhaidh siad |
| Gheobhaidh sí | |

Líon isteach na bearnaí:
**Sampla:** Rachaidh mé go dtí an cófra agus **gheobhaidh mé** na leabhair.
1. Rachaimid go dtí an cófra agus — na leabhair.
2. Rachaidh sibh go dtí an cófra agus — — na leabhair.
3. Rachaidh Tomás go dtí an cófra agus — — na leabhair.